CEACHT 28

AG AN AERFORT



Pictiúr: Radharc:

Ag an aerfort, Daidí, Mamaí, Páid, Bríd agus Nóirín, eitleán thuas san aer, eitleán eile ar an talamh agus an píolóta ag teacht amach as, Aintín Máire, cóta donn uirthi; ansin an chlann agus Aintín Máire agus iad istigh i halla an aerfoirt. Ciocal cainte agus comhartha ceiste. Feidhm a bhaint as clog chun brí "i gceann cúpla nóiméad" a léiriú.

Céim 4: veain (Ceacht 22), traein (Ceacht 29), bus (Ceacht 3), garda (Ceacht 19), sagart (Ceacht 18), múinteoir (Ceacht 4), cigire (Ceacht 24), éan thuas ar an gcrann (Ceacht 26), cat thuas ar an bhfuinneog (Ceacht 36).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Chuaigh an chlann go dtí an t-aerfort. Bhí Aintín Máire ag teacht abhaile. Chuala siad eitleán ag teacht.

Agallamh

PÁID: Ó, féach! Tá an t-eitleán thuas ansin.
DAIDÍ: Tiocfaidh sé anuas i gceann cúpla nóiméad.

Cuntas Reatha

Tháinig an t-eitleán anuas. Tháinig an píolóta amach as.

Agallamh

BRÍD: Feicim Aintín Máire anois.
NÓIRÍN: Cá bhfuil sí?
MAMAÍ: Féach, tá sí ansin. Tá cóta mór donn uirthi.

Cuntas Reatha

Chuaigh siad isteach san halla. Bhí Aintín Máire ag fanacht leo.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cá ndeachaigh an chlann?
Cé a bhí ag teacht abhaile?
Chuala siad rud éigin?

Feiceann tú rud éigin, a "Pháid"?
An dtiocfaidh sé anuas, a "Dhaidí"?

Céard a tharla ansin?
Agus an píolóta?

Feiceann tú duine éigin, a "Bhríd"?
Cuir ceist uirthi, a "Nóirín".
Freagair í, a "Mhamaí".
Tá cóta bán uirthi, is dócha?

Cá ndeachaigh siad ansin?
Bhí duine éigin ag fanacht leo?

CÉIM 4. CLEACHTADH MŰNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Chuala siad *eitleán* ag teacht.
   (*traein, bus, carr, veain, leoraí*).
2. Tá an *t-eitleán thuas ansin*. Tiocfaidh sé anuas i gceann cúpla nóiméad.
   (*éan thuas ar an gcrann, cat thuas ar an bhfuinneog, buachaill thuas ar an mbord,* etc.).
3. (a) *Tháinig* an píolóta amach.
   (*amárach, gach lá, inné;* níor, ar?: *inné;* an? ní: *amárach*).
   (a) Tháinig an *píolóta* amach.
   (*garda, múinteoir, cigire, sagart,* etc.).
4. Cá *bhfuil* sí?
   (*inné, amárach, gach lá*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh mé go dtí an t-aerfort. Chonaic mé . . .*"
   Ceisteanna ó pháistí eile.
3. Scéal beag eile:
   "*Bhí éan thuas ar an gcrann. D'eitil sé anuas. Bhí cat thuas ar an mballa. Chonaic sé an t-éan . . .*"
   (*nó:* an cat ag insint an scéil).
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Ealaín:
   Pictiúir de na gaolta a thagann abhaile in eitleán, i mbád, ar an traein, etc.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Ag an aerfort lá amháin
Bhí Páid, is Bríd, is Nóirín,
Ag féachaint ar na heitleáin
Ag teacht 's ag imeacht ón aerfort.

II

Chonaic siad an t-eitleán
Thuas go hard san aer,
Tháinig sé chun talaimh arís
Mar éan anuas ó na spéartha.

III

Cé tháinig as an eitleán?
Ach Aintín Máire féin,
Chonaic sí Nóirín, Bríd, is Páid
Ag fanacht léi ag an aerfort.